Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2022**
**(OR. fr)**

**5664/22**

**DENLEG 11**
**FOOD 8**
**SAN 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 24 Eanáir 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D077132/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D077132/3.

Faoi iamh: D077132/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/11292/2021
(POOL/E2/2021/11292/11292-EN.docx)
D077132/03
[…](2021) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii))**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii))**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia[1], agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012[3] ón gCoimisiún, leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(2) Féadfar na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) An 3 Lúnasa 2020 cuireadh iarratas isteach chun leasú a dhéanamh ar shonraíochtaí a bhaineann leis an mbreiseán bia, dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)). Cuireadh an t-iarratas sin ar fáil do na Ballstáit sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(4) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 go mbeidh idir 39 % agus 41 % de dhé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) déanta suas d'aigéad aicéiteach saor agus idir 58 % agus 60 % di déanta suas d'aicéatáit sóidiam. Iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí leasú chun go mbeidh idir 39 % agus 43 % d'aigéad aicéiteach saor inti agus idir 57 % agus 60 % d'aicéatáit sóidiam inti.

(5) De réir an iarratasóra, nuair atáthar ag táirgeadh dé-aicéatáit sóidiam, (E 262(ii)) faightear táirge stócaiméadrach ina bhfuil cion 42.3 % d'aigéad aicéiteach saor .

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.
[2] IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil méideanna iomarcacha fuinnimh de dhíth chun cion an aigéid aicéitigh shaoir a laghdú go dtí idir 39 % agus 41 %. Dá bhrí sin, leis an méadú go dtí 43 % ar an uasteorainn le haghaidh aigéad aicéiteach, laghdófar an t-am triomaithe le linn an táirgthe, rud a fhágfaidh go laghdófar an fuinneamh is gá agus, dá bhrí sin, go mbeidh próiseas táirgthe níos inbhuanaithe ann.

(6) De réir an iarratasóra, níl aon athrú eile ar an bpróiseas táirgthe, ní bhíonn aon tionchar ag an méid níos airde d'aigéad aicéiteach i ndé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) ar shábháilteacht agus, ar shlí eile, is ionann an táirge deiridh, i.e. níl aon eisíontas eile ann seachas na heisíontais a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(7) Is é Meitheal na Saineolaithe Rialtais maidir le Breiseáin a phléigh an t-iarratas. Agus an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus an t-aiseolas a fuarthas ón Meitheal sin á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún nach dócha go mbeadh tionchar ag an leasú atá beartaithe ar na sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) ar shláinte an duine.

(8) Ós rud é nach dócha go mbeidh tionchar ar shláinte an duine ag an méadú ó 41 % go dtí 43 % ar an uasteorainn le haghaidh chion an aigéid aicéitigh shaoir i ndé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)), ní gá tuairim an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a lorg i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

*Ursula VON DER LEYEN*